

Polasaí : Caomhnú Pháistí agus Measúnú Priacaile

Sonraí Scoile

Ainm na Scoile:	Gael scoil Uí Drisceoil
Seoladh:	Dúncitil, Gleann Maghair Co. Chorcaí
Uimhir gutháin:	0214822482
Ríomhphoist:	gael scoiluidrisceoil@gmail.com
Suíomh na Scoile:	www.gael scoiluidrisceoil.com
Catagóir:	Gael scoil Uilchreidmheach
	Múinteoirí: 23
Uimhreacha ar rolla:	435

Réamh Raiteas

Tá foireann, tuismitheoirí agus Bord Bainistíochta Gael scoil Uí Drisceoil tar éis an polasaí seo ar chosaint agus ar leas leanaí a fhorbairt agus a aontú. Tá an polasaí seo bunaithe ar an t-eagrán “Tús Áite do Leanaí – Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí foilsithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige amháin. Is é an t-eagrán seo an pointe tagartha le haghaidh sonraí cleachtais.

Cuirfear cóip den pholasaí seo ar fáil do gach ball fóirne mar aon leis an t-eagrán “Tús Áite do Leanaí (Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí). Tá sé mar dhualgas ar an bhfoireann iad féin a chur ar an eolas faoi “Tús Áite do Leanaí” – Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí) agus faoi threoirínte agus nósanna imeachta an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige um Chosaint Leanaí.

Fealsúnacht na Scoile

Is Gael scoil Uilchreideamhach í Gael scoil Uí Drisceoil, agus is é seo éiteas na scoile

- **Gael scoil** - scoil ina múintear gach ábhar trí Ghaeilge i dtimpeallacht spreagúil taitneamhach. Bíonn an Ghaeilge mar theanga phobail sa scoil idir páistí, múinteoirí agus an lucht bhainistíochta
- **Ilchreidmheach** - i.e. tá na cearta céanna iontrála ag gach leanbh, agus meas céanna ar a gcúrla sóisialta, cultúrtha, is religiúnda.
- **Comhoideachasúil** agus tiomanta chun leanaí a spreagadh lena réimse iomlán de chumais is deiseanna a iniúchadh
- **Leanbhlárnach** i gcur chuige an oideachais
- **Daonlathach** ina eagrú is ina reachtáil, le tuistí gníomhach ins an scoil gach lá, fós ag dearbhú agus ag aithint ról proifisiúnta na múinteoirí.

- Tá an Príomhoide agus Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta sásta aon mhí-chinnteacht i leith an Pholasaí seo a shoiléiriú. Sa chás nach bhfuil an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla ag teacht go beacht lena chéile is ag an leagan Gaeilge a bheidh tosaíocht.

Aidhmeanna

Is iad na haidhmeanna seo ná:

- Timpeallacht shlán, iontaobhach, freagrúil agus comhbhách a chruthú
- Oideachas ar scileanna sábháilteachta pearsanta a dhíríonn go sainiúil ar chaomhnú agus a chosaint a chur ar fáil do gach leanbh sa scoil
- Feasacht agus freagracht ar chosaint leanaí a fhorbairt i measc phobal uile na scoile
- Nósanna imeachta don dea-chleachtas a chur i dtreo chun na leanaí agus an fhoireann a chosaint
- A dheimhniú go mbíonn eolas agus tuiscint ag foireann uile na scoile ar na treoirlínte “Tús Áite do leanaí” (Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí) agus ar na treoirlínte agus na nósanna imeachta maidir le himní nó nochtadh eolais faoi mhíúsáid leanaí a chur in iúl.
- Oiliúint leanúnach a chur ar fáil don fhoireann sa ghnó seo agus i réimsí eile.

Cosaint :

Is é an clár Bí Sábháilte an príomhfhoinsé a bhíonn in úsáid i nGaelscoil Uí Drisceoil chun oideachais a chur ar pháistí maidir le mí-úsáid a chosaint. Tá an clár mar aon le Misneach agus Oideachais Caidreamh agus Gnéasachta a múineadh mar chuid de churaclam OSPS sa scoil seo faoin tsnáithe Sábháilteacht agus Cosaint (Sábháilteacht Phearsanta). Nuair a chláraíonn tuismitheoirí a bpáiste cuirfear in iúl dóibh go mbíonn an clár Bí Sábháilte in úsáid sa scoil agus cuirfear cóip de Threoirlínte na dTuismitheoirí ar Bí Sábháilte ar fáil dóibh agus síníonn siad an polasaí seo.

Déanfaidh an fhoireann gach iarracht a dheimhniú go ndéanfar daingniú ar na teachtaireachtaí atá sa chlár aon uair a bhíonn sé oiriúnach é sin a dhéanamh.

Cleachtas:

Leanfaidh an fhoireann go léir (múinteoirí, cuntóirí riachtanas speisialta, foireann tacaíochta, rúnaíochta, feighlíochta srl) sa scoil seo na moltaí don dtuairisciú ar ábhair imní nó ar nochtadh eolais mar atá luaite san eagrán “Leanaí ar dTús”. Tá Bord Bainistíochta na scoile tar éis Siobhán Ní Chatháin a cheapadh mar Dhuine Caidrimh Ainmnithe (DCA) agus Fionnuala Ní Drisceoil mar Leas-Dhuine Caidrimh Ainmnithe.

Ní mór d'éinne (ball foirne, tuismitheoirí, srl) le haon bhuaire ar Leith faoi chaomhnú nó cosaint páistí é seo a chur in iúl don Duine Caidrimh Ainmnithe nó Leas – Duine Caidrimh Ainmnithe.

Nósanna Imeachta

Aithníonn foireann agus Bord Bainistíochta na scoile na réimsí seo a leanas mar réimsí go bhfuil aird ar leith ag baint leo maidir le caomhnú páistí. Tá na nithe seo leanas go háirithe aitheanta tar éis comhplé le tuismitheoirí, an fhoireann agus an Bord Bainistíochta.

Teagmháil fhisiceach: Ní dhéantar teagmháil fhisiceach le páiste ach amháin nuair is gá, ms; chun sábháilteacht an pháiste a chinntiú.

Cuairteoirí/Aoichainteoirí; Den chuid is mó is iad na baill foirne a mhúinfidh na cúrsaí OSPS, ach ó am go ham, nó muna bhfuil an múinteoir ábalta aon chúrsa a mhúineadh, is ceadmhach daoine seachtracha oiriúnacha a thógáil isteach sa scoil chun labhairt leis na daltaí.

Leanaí le cúnaimh leithris/riachtanais cúram pearsanta. Fágtar seo faoin múinteoir ranga i gcomhair le tuismitheoirí an dalta agus an cúntóir riachtanais speisialta.

Timpistí leithris; Tá stoc d'éadaí glana sa stóras. Má tá páistí trína chéile cuirtear fios ar thuismitheoirí an pháiste.

Teagasc duine ar dhuine: Ní bhíonn múinteoir/teagascóir ina (h)aonar le dalta i seomra leis an ndoras dúnta.

Éadaí a athrú do chluichí/chorpoideachas/snámh; athraítear éadaí sna seomraí gléasta cuí. Ní bhíonn múinteoir/teagascóir sna seomraí seo le páiste aonarach.

Earcú agus roghnú na foirne; cuirtear scéim "scagadh" na nGardaí Síochána i bhfeidhm nuair atá baill nua foirne á n-earcú. Leantar an dualgas cúraim atá leagtha insna ciorcláin ábhartha de chuid an Gharda

Síochána a bhaineann le grinnfhiosrúcháin nuair atá baill fóirne á n-earcú.

Iompar ginearálta; [Tá cód iompair i bhfeidhm sa scoil. Ar fáil www.gaelscoiluidrisceoil.ie](http://www.gaelscoiluidrisceoil.ie)

Feitheoireacht na ndaltaí; bíonn múinteoir i gcónaí ag déanamh feitheoireacht ar dhaltaí. Cé go ndéanfar gach iarracht cloí leis an gcleachtas is fearr, de réir mar a leagtar amach thuas, má tharlaíonn i gcásanna neamhghnácha nó eisceachtúla nach mbíonn sé indéanta ná praiticiúil an cleachtas thuasluaite a chur i bhfeidhm ba chóir don mhúinteoir, cuntas iomlán d'aon eachtra a chlárú agus a chur in iúl don bpríomhoide gan mhoill.

Measúnú Priacail ar Ghaelscoil Uí Drisceoil

De réir riachtanas an Achta *Tús Áite do Leanaí 2015*, *Tús Áite do Leanaí*: Treoirínte Naisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2017 agus de réir na Treorach ó *Tusla* maidir le hullmhúchán Measúnú Priacail, tá aontaithe ag Bord Bainistíochta Ghaelscoil Uí Drisceoil an Measúnú Priacail a leagtar amach sa cháipéis seo.

1. Liosta na nGníomhaíochtaí Scoile

- Teacht agus Imeacht na ndaltaí gach lá
- Sosanna áineasa do na daltaí
- Múineadh agus Foghlaim Inrangach
- Múineadh agus Foghlaim lasmuigh den seomra ranga
- Múineadh agus Foghlaim lasmuigh de ghnáth-uaireanta scoile/Gníomhaíochtaí Eischuraclaim
- Gníomhaíochtaí Spóirt
- Imeachtaí Scoile
- Úsáid ionad leithris/malartaithe srl
- Iompraíocht dhúshlánach i measc daltaí a bhainistiú
- Dáileadh cogais
- Dáileadh Garchabhrach
- Cúram leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, dlúthchúram nuair is gá
- Soláthair curaclaim i Leith OSPS, OCG, Bí Sábhailte
- Bulaíocht a chosc agus caitheamh leis an mbulaíocht i measc na ndaltaí
- Earcú Ball Foirne
- Oiliúint na foirne maidir le cúrsaí sosanta leanaí
- Úsáid foirne lasmuigh chun tacú le spóirt agus gníomhaíochtaí seac-churaclaim eile
- Úsáid na teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide ag na daltaí ar scoil
- Cur i bhfeidhm pionós faoi Chód Iompraíochta na scoile coinneáil istigh daltaí, coigistiú fón srl san áireamh.
- Mic Léinn atá rannpháirteach i dtaithe oibre sa scoil
- Ábhar múinteora atá ag déanamh atá ag déanamh socríochtaí oiliúna sa scoil
- Úsáid fiseán / fótagrafaíochta/ meán eile chun ócáidí scoile a thairfead
- Úsáid an áitribh scoile ag eagraíochtaí eile tar éis uaireanta scoile
- Úsáid an áitribh scoile ag eagraíochtaí eile le linn an lae scoile
- Earcú Cúntóirí Riachtanais Speisialta
- Aoichainteoirí / Ceardlanna
- Úsáid na scoile i gcomhair gníomhaíochtaí i ndiaidh am scoile
- Gníomhaíochtaí Chairde na Scoile

2. Tá Gaelscoil Uí Drisceoil tar éis na gnéithe seo a leanas de bhaol díobhála a aimsiú:

- **Múineadh agus Foghlaim Inrangach.**
 - Ball foirne ag déanamh diabháil do pháiste ina c(h)úram.
 - Mac Léinn ar thaithí oibre/oide ar chleachtadh múinteoireachta a dhéanann diabháil do pháiste inár gcúram.
 - Déanann páiste/páistí eile a dhéanann diabháil do pháiste inár gcúram.
- **Lasmuigh don Seomra Ranga (Laistigh de Thimpeallacht na Scoile) Múineadh agus Foghlaim.**
 - Ball foirne ag déanamh diabháil do pháiste inár gcúram.
 - Páiste/páistí eile a dhéanann diabháil do pháiste inár gcúram.
 - Ball don phobal a dhéanann diabháil do pháiste inár gcúram
- **Múineadh agus foghlaim lasmuigh don Scoil.**
 - Duine nó daoine ón bpobail a dhéanann díobháil ar pháiste faoin ár gcúram.
 - Cainteoir(í) céardlainne nó teagascóir(í) céardlainne a dhéanann díobháil ar pháiste faoin ár gcúram.
- **Cleachtaí Snámha**
 - Duine nó daoine ón bpobail a dhéanann díobháil ar pháiste faoin ár gcúram.
 - Teagascóir(í) snámha a dhéanann díobháil ar pháiste faoin ár gcúram.
- **Cainteoirí ar cuairt/ teagascóir ceardlainne**
 - Déanann cainteoir ar cuairt/ teagascóir ceardlainne díobháil do pháiste faoinár gcúram.
- **Baint úsáid as an scoil i gcomhair gníomhaíochtaí iarscoile.**
 - Déanann eagraitheoirí/ baill don ghrúpa díobháil des na páistí sa scoil rith gníomhaíochtaí iarr-scoile.
- **Gníomhaíochtaí Chairde na Scoile**
 - Déanann tuismitheoir díobháil de páiste i rith gníomhaíocht Chairde na Scoile.
 - Déanann duine ón bpobal díobháil do pháiste i rith gníomhaíocht Cairde na Scoile.

Tá na nósanna imeachta seo a leanas curtha i bhfeidhm chun déiléal leis na prícaill atá aithinte sa mheasúnú prícaill seo-

- Tá cóip de *Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí* tugtha do gach ball d'fhoireann na scoile
 - Tá cóip de *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar- bhunscoileanna 2017* tugtha do gach ball d'fhoireann na scoile

- Éilítear ar Fhoireann na Scoile cloí leis na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* agus éilítear ar gach duine den fhoireann cláraithe teagaisc cloí leis an *Acht um Thús Áite do Leanaí 2015*
- Cuireann an scoil Clár Bí Sábháilte i bhfeidhm go hiomlán
- Cuireann an scoil an curaclam OSPS i bhfeidhm go hiomlán
- Tá Beartas Frithbhulaíochta ag an scoil a chloíonn go hiomlán le riachtanais *Nósanna*
- *Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna* na Roinne
 - Tá beartas maoirseachta ar an gclós nó ar an áit súgartha ag an scoil chun a chinntiú go mbíonn maoirseacht chuí ar leanaí le linn tionóil, imeacht na ndaltaí agus sosanna agus i leith achar sainiúil ar nós leithreas, seomraí malartaithe etc.
- Tá beartas agus nósanna imeachta soiléire ar bun ag an scoil i leith éirí ón scoil
- Tá beartas Sláinte agus Sábháilteachta ag an scoil
 - Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus na gcioclán ábhartha de chuid na Roinn Oideachas agus Scileanna maidir le hearcú agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
 - Tá cóid iompraíochta ag an scoil d'fhoireann na scoile (foireann teagaisc agus neamh- theagaisc)
- Cloíonn an scoil leis na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe don fhoireann teagaisc
- Tá beartas Riachtanas Speisialta Oideachais ag an scoil
- Tá beartas/plean don dlúthchúram ag an scoil i leith daltaí a bhfuil cúram dá leithéid uathu
- Tá beartas /nósanna imeachta ar bun ag an scoil do dháileadh cógais ar dhaltaí
- Tá na nithe seo a leanas déanta ag an scoil –
- Tá cóip de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí tugtha do gach ball d'fhoireann na scoile
- Cinntíonn an scoil go bhfuil cóip de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí tugtha do gach ball nua d'fhoireann na scoile
- Spreagtar lucht foirne chun leas a bhaint as oiliúint chuí
- Spreagtar comhaltaí an bhoird bhainistíochta leas a bhaint as oiliúint chuí
- Coimeádann an scoil taifid de gach oiliúint a chuirtear ar an bhfoireann agus ar chomhaltaí den bhord
- Tá beartas /nósanna imeachta ar bun ag an scoil do dháileadh na Garchabhrach
- Tá cóid iompraíochta ag an scoil do dhaltaí
- Tá beartas Teicneolaíocht Fáisnéise Cumarsáide ar bun ag an scoil i leith úsáide na
- Teicneolaíocht Fáisnéise Cumarsáide ag daltaí
- Tá beartas fóin phóca ar bun ag an scoil i leith úsáide fón póca ag daltaí
- Tá Plean Bainistíochta Teagmhais Chriticiúil ar bun ag an scoil
- Tá Beartas Teagmhála Baile Scoile agus nósanna imeachta gaolmhara ar bun ag an scoil
 - Tá beartas agus nósanna imeachta ar bun ag an scoil i leith úsáide daoine seachtracha chun seachadadh an churaclaim a fhorlíonadh
- Tá beartas agus nósanna imeachta ar bun ag an scoil i leith úsáide caitseálaithe spóirt

- Tá beartas agus nósanna imeachta soiléire ar bun ag an scoil i leith gníomhaíochtaí teagaisc duine-le-duine
- Tá beartas agus nósanna imeachta ar bun ag an scoil i leith socrúchán d'ábhair múinteora
- Nóta Tábhachtach: Is ceart a thabhairt faoi deara gurb é atá i gceist le baol i gcomhthéacs na measúnachta riosca seo ná an riosca "díobhála" mar a shainmhínítear é san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus nach é an riosca ginearálta i leith sláinte agus sábháilteachta atá i gceist. Leagtar amach an tsainmhíniú ar an "díobháil" i gCaibidil
- 4 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna 2017*.

1. Teagasc agus Foghlaim Inrangach

- Sa chás go ngortaíonn ball foirne páiste faoina c(h)úram – Ní mór do gach múinteoir a bheith cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta agus na riachtanaisí seo a leanas a bheith comhlíonta acu: Grinnfhiosrúchán na nGarda Síochána, Dearbhú Reachtúil agus cruthúnas céannachta a bheith tugtha isteach. Cuirfear in iúl do gach ball foirne go bhfuil sé de dhualgas orthu cloí le Cód Iompair na Múinteoirí.
- Caithfidh cóip don Pholasaí um Chosaint an Pháiste a bheith ar lámh acu agus a bheith ar an eolas faoi aitheantas an DDP agus leas DDP.
- Má dhéanann oide faoi oiliúint / mac léinn ar thaithí oibre díobháil do leanbh faoinár gcúram
- Caithfear Comhaontú ón Institiúid Oideachais a bheith tugtha ag na mic léinn ar thaithí oibre comh maith le Cruthúnas Céannachta Cuí agus dearbhú reachtúil.

Ní cheadaítear mic léinn faoi bhun a 16 bheith ar thaithí oibre sa scoil. Más rud é go bhfuil an scoil tar éis an chinneadh a dhéanamh grinnfhiosrúcháin a dhéanamh ar aon mhac léinn atá ar thaithí oibre sa scoil lorgófar ceadúnas ós na túismitheoirí. Baineann na coinníollacha seo le aon mhac léinn atá idir 16-18.

- Má dhéanann leanbh díobháil do leanaí eile inár gcuram
Déanann na múinteoirí maoirseacht reasúnta agus éifeachtach ar na leanaí ina rang.
Múintear an chlár Bí Sábháilte.
- Má dhéanann ball don phoball díobháil do leanbh inár gcuram
Caithfidh foireann na scoile a chinntiú go stúireofar aon bhall don phoball chun na oifige ar an bpointe má thagann siad orthu timpeall na

scoile.

2. Lasmuigh don Seomra Ranga (Laistigh de Timpeallacht na Scoile) Múineadh agus Foghlaim.

- Déanann ball foirne díobháil do leanbh faoinár gcúram – Ní mór do gach múinteoir a bheith cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta agus na riachtanaisí seo a leanas a bheith comhlíonta acu: Grinnfhiosrúchán na nGarda Síochána, Dearbhú Reachtúil agus cruthúnas céannachta a bheith tugtha isteach. Cuirfear in iúl do gach ball foirne go bhfuil sé de dhualgas orthu cloí le Cód Iompair na Múinteoirí.

Tá ar gach múinteoir cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí a bheith acu agus go bhfuil a fhios acu cé hiad an DLP agus an Leas DLP.

- Déanann oide faoi oiliúint/mac léinn ar thaithí oibre díobháil do leanbh faoinár gcúram – Ní mór do gach mac léinn ar thaithí oibre Comhaontas óna institiúid oideachasúil a bheith tugtha isteach, chomh maith le cruthúnas céannachta cuí agus dearbhú reachtúil. Ní cheadaítear do dhaoine faoi 16 bliana d'aois feidhmiú mar oidí mic léinn nó mic léinn ar thaithí oibre sa scoil.
- *I gcás go bhfuil an scoil sásta grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar an mac léinn agus go bhfuil idir 16 agus 18 bliana slánaithe acu beidh gá le Cead na dTuismitheoirí a lorg sular gcuirfear isteach ar an bpróiseas grinnfhiosrúcháin.*
- Má dhéanann leanbh díobháil do leanaí eile inár gcuram
Déanann na múinteoirí maoirseacht reasúnta agus éifeachtach ar na leanaí ina rang.
Múintear an chlár Bí Sábháilte.
- Má dhéanann ball don phoball díobháil do leanbh inár gcuram
Caithfidh foireann na scoile a chinntiú go stúireofar aon bhall don phoball chun na oifige ar an bpointe má thagann siad orthu timpeall na scoile.

3. Múineadh agus Foghlaim lasmuigh don Scoil

Ball don bpobal ag déanamh díobháil do leanbh faoin ár gcúram –

Cinntóidh an fhoireann go mbeidh maoirseacht reasúnta agus éifeachtach á dhéanamh acu ar na daltaí faoin ár gcúram. Cuirfidh an fhoireann an Príomhoide / leas príomhoide ar an eolas maidir le haon sonraí bainteach le gníomhaíochtaí lasmuigh don scoil agus cinnteófar

go mbeidh maoirseacht oiriúnach eagraithe.

Comhlíonfaidh agus seolfaidh ball foirne 'Foirm Ceadaithe' na bpáistí do gach turas thar nais go dtí an Phríomhoide/leas príomhoide agus cinntófar go mbeidh maoirseacht oiriúnach eagraithe.

Teagascóir Ceardlainne (nách ball foirne na scoile iad) ag déanamh díobháil do leanbh faoin ár gcúram -

Comhlíonfaidh agus seolfaidh ball foirne 'Foirm Ceadaithe' na bpáistí do gach turas thar nais go dtí an Phríomhoide/leas príomhoide agus cinntófar go mbeidh maoirseacht oiriúnach eagraithe.

I gcás go gceapann an Phríomhoide/leas -phríomhoide go bhfuil ábhar na céardlainne thuasluaite leochaileach / nó go bhfuil meantóireacht agus traenáil ag baint leis agus go mba chóir go mbeadh grianfhisrúcháin discréideach ag an teagascóir, cuirfear na socraithe cuí ar fail.

2. Ranganna Snámh

Má bhíonn ball den pobal ag déanamh díobháil de leanbh in ár gcúram: Cinntóidh an fhoireann go bhfuil maoirseacht réasúnta agus éifeachtach á dhéanamh acu.

Beidh ranganna eagraithe ag amanta príobháideach nuair a nach bhfuil aon bhall don poblacht ag úsáid an linn snámha. Áfach, beidh baill den phoblacht ag úsáid na seomraí feistis.

Míneofar dos na tuismitheoirí nach bhfuil cead acu dul isteach sa seomraí feistis, faroar tá eisceacht do tuismitheoirí le leanaí le riachtanais fisiceach go bhfuil cabhair ag teastáil uatha. Cinntófar go mbeidh maoirseacht éifeachtach a dhéanamh acu agus go mbeidh grinnfhisrúchán an Gharda Síochána déanta acu.

Teagascóir Snámha ag déanamh díobháil le leanbh in ár gcúram:

Cinntóidh an fhoireann go mbeidh maoirseacht réasúnta agus éifeachtach á dhéanamh le daltaí in ár gcúram.

Beimid ag súil go mbeadh comhaontaithe idir pháirtithe á dhéanamh ag na soláthraí seirbhísí agus go mbeadh na sraith uimhir dos na teagascóirí snámha atá ag obair insan seirbhís acu.

3. Aoichainteoirí / cainteoirí chun na scoile / teagascóir ceardlainne

- Go ndéanann aoichainteoirí/ cainteoirí chun na scoile/teagascóir ceardlainne díobháil do leanbh faoina gcúram. – Déanfaidh an fhoireann maoirseacht réasúnta agus éifeachtacht de na leanaí faoin ár gcúram. Inseoidh aon ball foirne don Príomhoide/Leas Príomhoide aon sonraí bainteach le aoichainteoirí/ cainteoirí chun na scoile/teagascóir ceardlainne atá ag tabhairt cuairt chun na scoile. Déanfaidh an Príomhoide/Leas Príomhoide measunú ar riachtanais an grinnfhisrúchán

tríd cinne comhaontaithe. Má thá an Príomhoide/Leas Príomhoide sásta, tá seans ann go mbeadh cead ag aoichainteoirí/ cainteoirí chun na scoile/teagascóir ceardlainne, ceardlainn amháin a reachtáil, fád is nách mbeidh aon oilliúint aonarach nó meantóireacht agus go bhfuil maoirseacht a dhéanamh ag ball foirne an t-am ar fad.

4. Úsáid na Scoile i gcomhair Gníomhaíochtaí Eischuraclaim

- Tá pricail ann go ndéanfaidh lucht eagrais grúpaí ag baint úsáide a suíomh na scoile lasmuigh d'am scoile-

Ní mór do gach úsáideoir na scoile go bhfuil leanaí acu / nó daoine fásta leochaileacha ag baint úsáide as a gcuid seirbhíse Ráiteas um Chumhdach Leanaí a chur ar fáil agus an tOifigeach um Chosaint an Pháiste a léiriú don Phríomhoide/Leas-Phríomhoide.

5. Imeachtaí Chairde na Scoile

- I gcás go ndéanann tuismitheoir díobháil ar leanbh atá ag freastal ar imeacht de chuid Chairde na Scoile.

Ba chóir go mbeadh Oifigeach um Chosaint an Pháiste ar an gCoiste de réir mar a leagtar amach ina mBunreacht. Cuirfidh an CPO an scoil ar an eolas faoin aon bhall go mbeidh baint acu le maoirseacht nó féitheoireacht ar imeachtaí de chuid Chairde na Scoile a chiallóidh go mbeidís i dteagmháil le leanaí na scoile. Déanfaidh an scoil deimhin de go mbeidh grinnfhiosrúchán déanta ar na tuismitheoirí seo tríd an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin tríd an bhForas Pátrúnachta. Ní mór do gach ball Dearbhú Reachtúil agus cruthúnas céannachta a chur ar fáil don scoil.

- I gcás go ndéanann ball pobail díobháil ar leanbh atá ag freastal ar imeacht de chuid Chairde na Scoile

Déanfaidh gach uile ball de Chairde na Scoile maoirseacht éifeachtach agus cuí ar gach uile leanbh ag freastal ar imeachtaí de chuid Chairde na Scoile. Beidh fáil ag baill phobail, chomh maith le tuismitheoirí gan grinnfhiosrúchán, ar dhaltaí faoi chúram dhíreach Chairde na Scoile.

Agus ag tabhairt faoin measúnacht pricail seo, tá gach dícheall déanta ag an mbord Bainistíochta chun a shonrú sa mhéid gur féidir é na rioscáil díobhála atá ábhartha don scoil agus chun a chinntiú go mbíonn nósanna imeachta leor dhóthanacha ar bun chun gach pricail atá sonraithe a bhainistiú. Cé nach féidir gach pricail díobhála a thuar agus a bhaint, tá

Gaelscoil Uí Drisceoil, Dúncitil, Gleann Maghair, Co. Chorcaí

nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnacht priacail seo ar bun ag an scoil chun na rioscaí a bhainistiú agus a mhaolú sa mhéid gur féidir é.

Comhlíonadh an Measúnú Priacail ag an mBord Bainistíochta ar an _____.

Déanfar athbhreithniú bliaintiúil air seo mar chuid don athbhreithniú scoile don

Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

Sínithe: _____ Dáta: _____

(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)

Sínithe: _____ Dáta: _____

Príomhoide / Rúnaí an Bhoird Bhainistíochta

An Ráiteas um Chumhdach Leanaí Ghaelscoil Uí Drisceoil

Sonraí Scoile:

Ainm na Scoile: Gaelscoil Uí Drisceoil

Seoladh: Dúncitil, Gleann Maghair Co. Chorcaí

Uimhir gutháin: 021 4822482

Ríomhphost: gaelscoiluidrisceoil@gmail.com

Suíomh na Scoile: www.gaelscoiluidrisceoil.com

Catagóir: Gaelscoil Ilchreidmheach

23 oide

Uimhreacha ar rolla: 483

Réamh Raiteas

Cuireadh an polasaí seo le chéile i mí Aibreán 2018 i gcomhairle le múinteoirí, baill den mBord Bainistíochta, agus tuismitheoirí.

Fealsúnacht na Scoile

Is Gaelscoil Ilchreideamhach í Gaelscoil Uí Drisceoil, agus is é seo éiteas na scoile

· Gaelscoil - scoil ina múintear gach ábhar trí Ghaeilge i dtimpeallacht spreagúil taitneamhach. Bíonn an Ghaeilge mar theanga phobail sa scoil idir páistí, múinteoirí agus an lucht bhainistíochta

· Ilchreidmheach - i.e. tá na cearta céanna iontrála ag gach leanbh, agus meas céanna ar a gcúrla sóisialta, cultúrtha, is religiúnda.

· Comhoideachasúil agus tiomanta chun leanaí a spreagadh lena réimse iomlán de chumais is deiseanna a iniúchadh

· Leanbhlárnach i gcur chuige an oideachais

· Daonlathach ina eagrú is ina reachtáil, le tuistí gníomhach ins an scoil gach lá, fós ag dearbhú agus ag aithint ról proifisiúnta na múinteoirí.

Tá an Príomhoide agus Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta sásta aon mhí- chinnteacht i leith an Pholasaí seo a shoiléiriú. Sa chás nach bhfuil an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla ag teacht go beacht lena chéile is ag an leagan Gaeilge a bheidh tosaíocht.

Ábhar an Pholasaí

- De réir riachtanas an Achta *Tús Áite do Leanaí 2015*, *Tús Aite do Leanaí: Treoirlínte Naisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2017* agus de réir na Treorach ó *Tusla* maidir le hullmhúchán Ráiteas um Chumhdach Leanaí, tá aontaithe ag Bord Bainistíochta Ghaelscoil Uí Drisceoil an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a leagan amach sa cháipéis seo.
- Tá glactha ag Bord Bainistíochta Ghaelscoil Uí Drisceoil le Nósanna Imeachta na Roinne maidir le Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2017 mar chuid den Ráiteas iomlán Chumhdach Leanaí agus cuirfidh siad i bhfeidhm iad ina n-iomláine, gan leasú.

-
- An Duine Idirchaidrimh is ea: An Príomhoide Siobhán Ní Chatháin
-
- An Duine Tánaisteach Idirchaidrimh is ea: An Leas-Phríomhoide Fionnuala Ní Drisceoil
-
- Aithníonn Bord Bainistíochta Ghaelscoil Uí Drisceoil go bhfuil cúrsaí chosaint agus leasa leanaí lárnach i ngach gné de shaol na scoile agus gur gá go bhfeicfear é seo i bpolasaithe uile na scoile, i nósanna imeachta na scoile, i gcleachtas na scoile agus in imeachtaí na scoile. Cloífidh an scoil leis na prionsbail dheachleachtas a leanas maidir le cosaint agus leas leanaí. Déanfaidh an scoil:
 -
 - Cosaint agus Leas Leanaí a aithint mar an rud is tábhachtaí, beag beann ar chúrsaí eile
 - Cloí ina iomláine leis na dualgais reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus le reachtaíocht eile ábhartha a bhaineann le cosaint agus le leas leanaí.
 - Comhoibriú go huile is go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha maidir le cúrsaí chosaint agus leas leanaí.
 - Glacadh le cleachtais shábháilte chun an fhéidearthacht go dtarlódh díobháil nó timpistí do leanaí a laghdú agus chun oibrithe a chosaint ar phriacail neamhriachtanacha a d'fhágfadh go ndéanfaí líomhaintí mí-úsáide nó faillí ina gcoinne.
 - Nós na hoscailteachta le tuismitheoirí a fhorbairt agus rannpháirtíocht na dtuismitheoirí in oideachas a bpáistí a spreagadh; agus
 - Meas a léiriú ar riachtanais rúndachta agus iad ag plé le cúrsaí chosaint leanaí.
 -
- Tá na nósanna imeachta/beartais seo a leanas i bhfeidhm:
 -
 - Maidir le haon bhall foirne atá ina (h)ábhar fiosrúcháin (pé cur síos a dhéantar air) maidir le haon ghníomh, le haon neamhghníomh, nó le haon chás, maidir le haon pháiste atá ag freastal ar an scoil, cloíonn an scoil leis na nósanna imeachta leagtha amach i gCaibidil a 7 de na Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iarbunscoileanna

2017 agus leis na nósanna imeachta ábhartha smachta aontaithe do bhaill foirne scoile atá foilsithe ar shuíomh idirlín na ROS.

- Maidir le roghnú nó earcú na mball agus lena n-oiriúnacht chun obair le páistí, cloíonn an scoil le riachtanais ghrinnfhiosraithe reachtúla an Achta BGN (Leanaí agus daoine soghonta) 2012 go 2016 agus le treoir níos forleithne dhualgas chúraim leagtha amach i gclárcláin ábhartha na nGardaí um ghrinnfhiosrú agus um earcú atá foilsithe ag an ROS agus ar fáil ar shuíomh idirlín na ROS.
- Maidir le soláthar an eolais agus, nuair is gá, teagaisc agus oiliúna don fhoireann maidir le déanamh díobhála a aithint (mar a shainmhínítear san Acht 2015), déanann an scoil;
- Cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile a sholáthar do na baill foirne ar fad.
- Cinnte de go ndéantar cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile a sholáthar do gach ball foirne nua
- An fhoireann a spreagadh leas a bhaint as oiliúint ábhartha
- Baill an Bhoird Bhainistíochta a spreagadh chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
- (faoi chúram an Bhoird Bhainistíochta) taifead a choimeád d'oiliúint na mball agus bhaill foirne an Bhoird Bhainistíochta.
- Maidir le tuairisciú buarthaí faoi chosaint leanaí do Tusla, tá ceangal ar gach ball foirne scoile cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sna Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iarbunscoileanna 2017 i gcás múinteoirí cláraithe, na cinn sinn a bhaineann le tuairisciú sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, san áireamh.
- Sa scoil seo, tá an DIA thuasainmnithe ceaptha ag an mBord mar an duine ábhartha (mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015) le bheith ina chéadphointe teagmhála maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile.

- Tá gach aon mhúinteoir cláraithe fostaithe ag an scoil ina nduine faoi shainordú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, tá an Bord tar éis measúnacht priacail a dhéanamh ar an bhféidearthacht díobhála do pháistí agus iad ag freastal ar scoil nó ag glacadh páirte in imeachtaí na scoile. Tá measúnacht scríofa a leagann amach na réimsí priacail aitheanta agus na nósanna imeachta chun na priacail sin a bhainistiú ceangailte mar aguisín leis na nósanna seo.
-

Gaelscoil Uí Drisceoil, Dúncitil, Gleann Maghair, Co. Chorcaí

- Tá fáil ar na nósanna imeachta éagsúla a ndéantar tagairt dóibh sa Ráiteas seo ar shuíomh idirlín na scoile, ar shuíomh idirlín na ROS nó ar fáil ón scoil ach é a iarraidh.
- **Nóta:** Níl an méid thuasluaite le bheith ina liosta uileghabhálach. Cuimseoidh Boird Bhainistíochta éagsúla nósanna imeachta/beartais eile a bhaineann le Gaelscoil Uí Drisceoil.
- Tá an ráiteas thuas foilsithe ar shuíomh idirlín na scoile agus tá sé curtha ar fáil go gach ball foirne na scoile, do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dóibh) agus don Phátrún. Is furasta do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí teacht air ach é a iarraidh. Déanfar cóip den Ráiteas a chur ar fáil do Tusla agus don Roinn má iarrtar.
- Déanfar Aithbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí nó chomh luath agus is féidir tar éis aon athruithe ábhartha ar aon rud a ndéanann an Ráiteas seo tagairt dó.
-

Ghlac an Bord Bainistíochta an Ráiteas seo um Chumhdach Leanaí i Mí an Mhárta 2019

Sínithe: _____
Cathaoirleach an Bh.
Bh.

Sínithe: _____
Príomhoide/Rúnaí an

Dáta: _____

Dáta: _____

Deineadh athbhreithniú ar an ráiteas seo gach bliain nó a luaithe is indéanta tar éis d'athrú ábhartha bheith déanta maidir le haon ní dá dtagraíonn an ráiteas seo. Athbhreithniú déanta i Meán Fómhair 2020.

Liosta Seiceála chun an Ráiteas

	Tá/Níl
1. An bhfuil glactha go foirmiúil ag an mBord le Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí atá de réir na <i>Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí i mBunscoileanna</i>	Tá
2. Mar chuid de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí, an bhfuil glactha go foirmiúil ag an mBord, gan athrú ná leasú, leis na <i>Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna 2017?</i>	Tá
3. An bhfuil measúnacht scríofa riosca san áireamh i Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí de réir mar a fhorálann an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015?	Tá

Gaelscoil Uí Drisceoil, Dúncitil, Gleann Maghair, Co. Chorcaí

4. An bhfuil an mheasúnacht scríofa riosca athbhreithnithe agus nuashonraithe ag an mBord áit is gá mar chuid den athbhreithniú foriomlán seo?	Tá
5. An bhfuil freastalta ag an DIA ar an oiliúint maidir le cosaint leanaí atá le fáil?	Tá
6. An bhfuil freastalta ag an Leas-DIA ar an oiliúint maidir le cosaint leanaí atá le	Tá
7. An bhfuil freastalta ag comhaltaí ar bith den Bhord ar oiliúint maidir le cosaint	Tá
8. An bhfuil DIA mar aon le Leas-DIA ceaptha faoi láthair?	Tá
9. An bhfuil na sonraí teagmhála bainteacha (Tusla agus an Garda Síochána) ar láimh.	Tá
10. An bhfuil socrúithe ar bun ag an mBord chun Ráiteas an Bhoird maidir le Cumhdach Leanaí a chur ar eolas do phearsanra nua scoile?	Tá
11. An bhfuil an Bord cinnte de go bhfuil an lucht foirne ar fad curtha ar an eolas faoina bhfreagrachtaí faoi na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 agus an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015?	Tá
12. An bhfuil Tuairisc Mhaoirseachta Cosanta Leanaí an Phríomhoide faighte ag an mBord ag gach cruinniú den Bhord a tionóladh ó tugadh faoin athbhreithniú is déanaí?	Tá
13. O rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí ag an mBord, an bhfuil sé curtha in iúl don Bhord go ndearna an DIA tuairiscí cosanta leanaí ar bith chuig Tusla/An Garda Síochána?	Tá
14. O rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí ag an mBord, an bhfuil sé curtha in iúl don Bhord go raibh cásanna ar bith ann inar iarr an DIA comhairle ó Thusla agus, de dheasca na comhairle seo, nach ndearnadh tuairisc ar bith chuig an FSS?	Tá
15. O rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí ag an mBord, an bhfuil sé curtha in iúl don Bhord go raibh cásanna ar bith ann ina ndearnadh líomhain drochúsáide nó faille in aghaidh baill ar bith de lucht foirne na scoile?	Tá
16. An bhfuil na cáipéisí go léir a bhaineann le Tuairisc Mhaoirseachta Cosanta Leanaí an Phríomhoide faighte ag an mBord agus an bhfuil siad go léir athbhreithnithe ag an mBord?	Tá
17. An bhfuil an Bord cinnte de gur cloíodh i gceart leis na nósanna imeachta um chosaint leanaí maidir le tuairiscí a dhéanamh chuig Tusla/An Garda Síochána i ngach cás a ndearnadh athbhreithniú air?	Tá
18. An bhfuil an Bord cinnte de go bhfuil gach beart cuí á dhéanamh nó déanta i ndáil le ball ar bith de lucht foirne na scoile a ndearnadh líomhain drochúsáide nó faille ina (h)aghaidh ó rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí?*	Tá
19. An bhfuil tuairiscí maidir le cosaint leanaí a cuireadh faoi bhráid an Bhoird breactha mar is cóir i miontuairiscí an Bhoird?	Tá

Gaelscoil Uí Drisceoil, Dúncitil, Gleann Maghair, Co. Chorcaí

20. An bhfuil an Bord cinnte de go ndéantar na taifid ar fad maidir le cosaint leanaí a chur ar comhad mar ba chóir agus a choinneáil i dtaisce go sábháilte?	Tá
21. An bhfuil fógra faighte ag an mBord ó thuismitheoir ar bith maidir le gan an fógra caighdeánach atá riachtanach faoi rannán 5.6 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 bheith	Níl
22. Maidir le cásanna ar bith a sonraíodh ag ceist 21 thuas, an bhfuil cinntithe ag an mBord gur chuir an DIA amach ina dhiaidh sin fógraí ar bith atá riachtanach faoi rannán 5.6 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017?	Níl
23. An bhfuil cinntithe ag an mBord gur cuireadh Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí ar fáil do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dá leithéid)?	Tá
24. An bhfuil cinntithe ag an mBord gur cuireadh Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí ar fáil don phátrún?	Tá
25. An bhfuil cinntithe ag an mBord go bhfuil Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach	Tá
26. An bhfuil cinntithe ag an mBord go bhfuil an clár Bí Sábháilte á chur i bhfeidhm go hiomlán sa scoil? (baineann le bunscoileanna)	Tá
27. An bhfuil cinntithe ag an mBord go bhfuil an curaclam OSPS á chur i bhfeidhm go hiomlán sa scoil?	Tá
28. An bhfuil an Bord cinnte de gur comhlíonadh coinníollacha na Roinne maidir le grinnfhiosrúchán de chuid an Gharda Síochána i ndáil le gach duine d'fhoireann na scoile (fostaithe agus oibrithe deonacha)? *	Tá
29. An bhfuil an Bord cinnte de gur comhlíonadh coinníollacha na Roinne maidir le dearbhú reachtúil i ndáil le cosaint leanaí a chur ar fáil agus maidir le gealltanais bainteach a thabhairt, i gcás gach duine a ceapadh i bpost múinteoireachta nó i bpost nach post múinteoireachta atá ann? *	Tá
30. An bhfuil an Bord cinnte de go mbíonn, ó thaobh cúrsaí cosaint leanaí de, nósanna imeachta críochnúla á gcur i bhfeidhm ag an scoil i gcúrsaí earcaíochta agus roghnúcháin i ndáil le lucht foirne iomlán na scoile (fostaithe agus oibrithe deonacha)?*	Tá
31. An bhfuil machnamh déanta agus aghaidh tugtha ag an mBord ar aon ghearáin nó moltaí ar mhaithe le feabhsú i ndáil le Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí?	Tá
32. An bhfuil aiseolas iarrtha ag an mBord ó na tuismitheoirí maidir le géilliúlacht na scoile le riachtanais cumhdaithe leanaí na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017?	Tá

Gaelscoil Uí Drisceoil, Dúncitil, Gleann Maghair, Co. Chorcaí

33. An bhfuil aiseolas iarrtha ag an mBord ó na daltaí maidir le socruithe na scoile don chumhdach leanaí?	Tá
34. An bhfuil an Bord cinnte de go bhfuil na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaído Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 á gcur i bhfeidhm go hiomlán agus go leordhóthanach sa scoil?	Tá
35. An bhfuil sonraithe ag an mBord go bhfuil gné ar bith de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí agus/nó a chur i bhfeidhm ar gá feabhas breise ina leith?	Níl
36. An bhfuil plan gníomhaíochta lena n-áirítear tráthchláir oiriúnacha curtha ar bun ag an mBord d'fhonn dul i ngleic leis na gnéithe sin de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí agus/nó a chur i bhfeidhm ar sonraíodh gur gá feabhas breise ina leith?	Níl
37. An bhfuil cinntithe ag an mBord go ndeachthas i ngleic go leordhóthanach le haon réimse ar sonraíodh le linn athbhreithnithe roimhe seo ar Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí go bhféadfaí feabhas a dhéanamh ina leith?	Tá